# Leibhéal a 1

# Forbhreathnú

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| An Creideamh Críostaí | • Rúndiamhair Dé<br>• Rúndiamhair Íosa Críost<br>• Cruthú an Domhain<br>• Rúndiamhair na hEaglaise<br>• An Bheatha Shíoraí |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Briathar Dé | • An Bíobla<br>• Scrioptúr Naofa<br>◊ Plean grámhar Dé don Slánú<br>◊ Breith agus Óige Íosa<br>◊ Saol Poiblí Íosa<br>◊ An Pháis, Bás agus an tAiséirí |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Liotúirge agus Urnaí | • Urnaí<br>◊ Gothaí Urnaí<br>◊ Urnaí fhoirmeálta<br>◊ Freagraí an Aifrinn<br>◊ Urnaí ar ala na huaire<br>• An Bhliain Liotúirgeach<br>• Na Sacraimintí<br>• An tAifreann |

| *Snáithe* | *Snáithaonaid* |
|---|---|
| Moráltacht Chríostaí | • Dínit an Duine<br>• Teagasc Sóisialta na hEaglaise<br>• OCG i gcomhthéacs Críostaí |

# Snáithe: An Creideamh Críostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- tuiscint a bheith acu ar na bealaí a bhfuil tionchar ag na bunphrionsabail den chreidimh Críostaí ar a saol féin
- tuiscint a fháil ar céard atá i gceist le bheith mar chuid de phobal na hEaglaise
- feasacht a fhorbairt ar an Rúndiamhair agus an dínit a bhaineann le bheith i do pháiste i gcomhthéacs an chreidimh Chríostaí
- fiosrú a dhéanamh ar bhunphrionsaibil na Críostaíochta a bhfuil cur amach acu féin orthu: ball den phobal, cairdeas, grá, aire.
- teanga, fíricí agus coincheapa reiligiúnacha a fhoghlaim maraon le heolas a fháil faoi phearsain reiligiúnacha
- foghlaim go bhfuil brí agus cuspóir leis an saol (Ais 17)
- tosú ar fheasacht a ghnóthú ar a luachanna cultúrtha agus reiligiúnacha féin agus daoine eile agus meas a bheith acu orthu (cf. Ais 8).

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Úsáid a bhaint as spraoi, scéalaíocht, na hamharcealaíona, filíocht, rainn, damhsa, drámaíocht, ceol, teanga agus teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun fiosrú a dhéanamh faoin gcreideamh Críostaí maraon leis na siombail agus na híomhánna a bhaineann leis.

**Cumarsáid**

- An creideamh Críostaí a phlé trí úsáid a bhaint as réimse focal reiligiúnacha

- Láithreacht agus gníomhaíocht Dé ina saol féin agus sa chruthú a léiriú ag baint úsáide as teanga agus na healaíona.

**Ag Forbairt Litearthacht Spioradálta**

- Úsáid a bhaint as focail, filíocht, pictiúir, ceol, teanga chomharthaíochta, *braille*, siombail, rithim, uimhreas, gluaiseacht, geatsaí, drámaíocht, ealaín, spraoi agus an teicneolaíocht fáisnéise agus cumarsáide chun cur síos agus taifead a dhéanamh ar mhothúcháin, ceisteanna, eispéireas agus coincheapa spioradálta maraon le fiosrú a dhéanamh orthu.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Rúndiamhair Dé**

- Ainmneacha baill na Tríonóide: Dia an tAthair, Dia an Mac (Íosa Críost) agus Dia an Spiorad Naomh. Meas a bheith acu ar na hainmneacha seo sa ghnáth chaint laethúil agus iad a úsáid ina gcuid paidreacha. (ChEC 198-202, 222-27, 232-240, 253, 258-260, 261, 316, 320, 422-23, 731, 733-37).
- Baistítear Críostaithe in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh (ChEC 232).
- Coisreacan Críostaithe iad féin in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh.
- Is é Dia ár nAthair grámhar agus ár gCruthaitheoir (Gein 1:26-27).
- Tá Dia go maith (Salm 116:1).
- Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá aige dúinn (Salm 139).
- Is é Dia mo chara.
- Tá an grá céanna ag Dia dúinn agus atá ag máthair dá leanbh (ChEC 239; Ís 66:13; Salm 131:2).
- Tugann Dia aire dúinn, go háirithe nuair atáimid tinn, brónach, uaigneach, feargach nó díomách.
- Tá Dia linn i gcónaí (Salm 63:8).
- Thug Dia Íosa mar bhronntanas dúinn (Gal 4:4-5; Lúc 1:55, 68; ChEC 422).
- Tá grá ag Dia do chuile theaghlach agus tugann sé aire dóibh.
- Roghnaigh Dia Muire le bheith ina máthair ag Íosa (Lúc 1:26-38).
- Chruthaigh Dia sinn le go mbeimis in ann ár saol a roinnt leis ar neamh, ár bhfíorbhaile. (ChEC 355-84, 1691-98).

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Tugtar 'Críost' ar Íosa (ChEC 436, 453).
- Is é Íosa Mac Dé (Mc 1:1; Mth 16:16-17; 27; 54; Eoin 20:31; ChEC 422, 441-46, 454).
- Is é Íosa an tAoire Maith (Salm 23:1).
- Is é Íosa ár gcara (Eoin 15:14).
- Tá grá ag Íosa dúinn.
- Insíonn Íosa dúinn faoi Dhia a Athair.
- Is é Íosa Solas an tSaoil (Eoin 8:12).
- Rugadh Íosa ar Lá Nollag.
- Rugadh Íosa i mBeithil agus d'fhás sé suas i Nazarat (Lúc 2:4; 2:39-40; ChEC 422, 531).
- Rugadh Íosa i stábla umhal, i dteaghlach a bhí beo bocht (ChEC 525).
- Cuireann Íosa fáilte roimh pháistí agus tá grá aige dóibh (Mc 10: 13-16).
- Thug Íosa cúnamh dóibh siúd a bhí tinn (Lúc 17:11-19).
- Bhí grá ag Íosa do na bochtáin agus thug sé aire dóibh (Eoin 6:1-13).
- Rinne Íosa ceiliúradh lena chuid deisceabail ag an Suipéar Déanach ar Dhéardaoin na Comaoineach (Lúc 22:14-23; Mc 14:17-25).
- Fuair Íosa bás ar an gcrois ar ár son ar Aoine an Chéasta (Mc 15:37; Lúc 23:46; ChEC 624).
- D'aiséirigh Íosa ó na mairbh ar Dhomhnach Cásca (Mc 16:6; Lúc 24:5; ChEC 638).
- Thaispeáin Íosa é féin dá chuid deisceabail tar éis a aiséirí ó mhairbh (Eoin 21:1-14).
- Chuaigh Íosa suas ar neamh (Mc 16:19; Lúc 24:51; ChEC 659-64, 670, 673, 665-67).

### Cruthú an Domhain

- Chruthaigh Dia gach a bhfuil ann: an domhan, na daoine, na réaltaí, na hainmhithe, na héin, na plandaí agus na crainn (Gein 1; LG 2; ChEC 212, 290, 325, CSRE 1b).
- Chruthaigh Dia an fear agus an bhean mar bhuaicphointe ar a chruthú (ChEC 343).
- Thug Dia Aingeal Coimhdeachta do gach duine chun breathnú amach dóibh agus aire a thabhairt dóibh (ChEC 328-36, 350-52).
- Tugann Dia aire don chruthú ar fad (Eag 8:1; ChEC 303).
- Tá cruthú Dé go maith (Gein 1:31; ChEC299, 339; CSRE 1b).

### Rúndiamhair na hEaglaise

- Tá Dia i ngach baile agus i ngach teaghlach (GDC 133).
- Is iad Íosa, Muire agus Iósaef Teaghlach Naofa Nazarat (ChEC 437, 532-534, 564, 583, 1655).
- Is í an Eaglais Chaitliceach clann Dé (ChEC 747, 759, 777-78, 959, 1655, 2233).
- Is í Muire máthair Íosa agus ár máthair freisin (Lúc 1:26-38; Gal 4:26-8; Eoin 19:26-7; ChEC 495, 508-10, 723, 744, 963, 967-71, 973-75; LG 53).
- Na Naoimh: Is iad seo cairde speisialta Dé atá mar chuid de theaghlach na hEaglaise ar neamh (ChEC 828, 956-57, 960-62, 1195, 2013, 2030, 2683, 2692). Naomh Pádraig, Naomh Bríd, Naomh Colmcille.
- Is ionann saol an pharóiste agus pobal ag tabhairt aire dá chéile, ag comhroinnt lena chéile agus ag guí le chéile (ChEC 2179; CSRE 2a).
- Is áit speisialta í an séipéal ina dtagann clann Dé le chéile chun urnaí a dhéanamh.
- Cabhraíonn ár gclann linn le bheith inár gcairde ag Íosa.
- Cabhraíonn an sagart/an múinteoir linn le bheith inár gcairde ag Íosa (LG 10).

### An Bheatha Shíoraí

- Tá Dia ag iarraidh go mbeidh gach duine sona agus ina theannta ar neamh go deo na ndeor (1 Eoin 3:2; 1Cor 13:12; ChEC 1023).
- Nuair a fhaighimid bás téimid abhaile chun Dé (ChEC 1020).

# Snáithe: Briathar Dé

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- éisteacht le roinnt sleachta as an Scrioptúr Naofa agus fiosrú agus machnamh a dhéanamh orthu
- tuiscint a fháil ar na príomh charachtair, eachtraí agus cúinsí sna Scrioptúir Naofa
- ceangal a dhéanamh idir sleachta as an Scrioptúr Naofa agus a saol féin (CSRE 1)
- a thuiscint gurb é Íosa an duine is tábhachtaí sa Bhíobla – Aon Mhac Dé
- meas agus urraim don Bhíobla mar Bhriathar Dé a fhorbairt.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Éisteacht le sleachta as an Scrioptúr Naofa, plé a dhéanamh orthu, iad a aithris agus a chur i láthair trí mheán na drámaíochta
- Daoine, áiteanna, eachtraí agus rudaí a ndéantar cur síos orthu sa Scrioptúr Naofa a aithint
- Cur síos a dhéanamh ar iompar, ar mhianta agus ar mhothúcháin na gcarachtar sna sleachta ón Scrioptúr Naofa.

**Cumarsáid**

- Tuairimí, mothúcháin, agus ceisteanna faoi na Scrioptúir Naofa a léiriú trí mheán na teanga labhartha, spraoi shochdhrámatúil, tobchumadh, gluaiseacht, scéalaíocht, ceol, deasghnáth, filíocht, ealaín agus na meáin dhigiteacha.

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Bíobla

- Is é an Bíobla leabhar naofa chlann na hEaglaise (ChEC 103-8, 131-33, 135, 136-39).
- Is sa Bhíobla a léimid faoi Dhia agus an cruthú (ChEC 279, 315-317, 319).
- Baineann teaghlach an pharóiste úsáid as an mBíobla sa séipéal ar an Domhnach (CSRE 1a).
- Múineann an Bíobla dúinn conas grá a thabhairt do Dhia agus conas maireachtáil mar a d'iarr Dia orainn.
- D'éist Íosa leis na scrioptúir nuair a bhí sé ina pháiste (Lúc 2:46; CSRE 1a).
- Foghlaimímid faoi Íosa sa Bhíobla (ChEC 65).
- Is é Íosa Aon Mhac Dé, an duine is tábhachtaí sa Bhíobla.
- Is leabhar luachmhar é an Bíobla toisc gurb é Briathar Dé é.

### Scrioptúr Naofa

*Plean grámhar Dé don Slánú*

- Gein 1-2:3. An scéal faoi chruthú an domhain.
- Gein 1:26-7. Cruthaithe in íomhá Dé.
- Gein 2:4-9; 15-17; 3:1-14. Scéal an chéad pheaca.
- Gein 6:1-8:22. Naoi agus an Áirc.
- 1 Sam 17: 1-50. Dáiví agus Góla.
- Salm 8:1, 3, 7-9. Salm molta.
- Salm 63:8. Tá Dia liom i gcónaí.
- Salm 66:5. Is rud iontach é Cruthú an Domhain.
- Salm 104. Moladh le Dia an Cruthaitheoir.
- Salm 139:7-14. Moladh agus buíochas.
- Salm 137:14. Tá mé cruthaithe ar bhealach cruthanta, iontach.
- Salm 150. Moladh leis an Tiarna.
- Ís 43:1-4. 'Ghlaoigh mé ort i d'ainm, agus is liomsa thú.'
- Ís 49:15. 'Ní dhéanfaidh mise dearmad ortsa go deo.'
- Ir 31:3. 'Ghráigh mé thú le grá síoraí.'
- Dain 6: 16-23. Dainéil in Uaimh na Leon.

*Breith agus Óige Íosa*

- Mc 1:1. Íosa Mac Dé.
- Eoin 8:12. Íosa, solas an tsaoil.
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil.
- Lúc 2:1-20; Mth 1:18-25. Breith Íosa.
- Mth 2:1-3, 7-12. An Triúr Saoithe.
- Lúc 2:22-40. Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall.
- Lúc 2:41-50. Íosa i measc na n-ollúna sa Teampall.

*Saol Poiblí Íosa*

- Lúc 3:2-3; 15-18. Eoin Baiste.
- Lúc 11: 1-4; Mth 6:9-13. An Phaidir.
- Lúc 17:11-19. An deichniúr lobhar.
- Mth 22:34-40; Mc 12:28-34; Lúc 10:25-8. An aithne is tábhachtaí.
- Mc 4:35-41/Mth 8:23-7. Ciúnú na stoirme.
- Mc 10:13-16; Mth 19:13-15; Lúc 18:15-17. Íosa agus na leanaí.
- Eoin 6:1-13. Ag beathú an cúig mhíle duine.
- Eoin 10:2-5, 11-16. An tAoire Maith.
- Eoin 13:34. Tabhair grá dá chéile.

*An Pháis, Bás agus an t-Aiséirí*

- Mth 26:26-29. An Suipéar Déanach.
- Lúc 24:1-12. An tuama folamh.
- Mc 14:12-17, 22-4. An Suipéar Déanach.
- Mc 15:25-37, 15:42-47. Bás agus adhlacadh Íosa.
- Lúc 22:7-19. An Suipéar Déanach.
- Eoin 19:18, 25, 30. An Céasadh ar an gCrois.
- Eoin 21:1-14. Taispeánann Íosa é féin (Tibirias).

# Snáithe Liotúirge agus Urnaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- foghlaim conas guí ag baint úsáide as réimse paidreacha agus modhanna paidreoireachta sa traidisiún Caitliceach
- roinnt de na comharthaí, siombail, séasúir, ócáidí ceiliúrtha, áiteanna beannaithe agus deasghnátha atá sa traidisiún Caitliceach a fhiosrú
- an foclóir a bhaineann le hurnaí agus deasghnáth a fhorbairt
- a gcuid eolais agus a dtuiscint ar dhearcadh, luachanna daonna agus na coincheapa saoil atá fite fuaite leis na sacraimintí a fhorbairt (DCM, u.9; GCD, 25)
- ceangal a dhéanamh le pobal/pobail na hEaglaise trí dheasghnátha urnaí, a mbíonn baint ag an sagart, tuismitheoirí/caomhnóirí, seantuismitheoirí srl leo (SGN 97)
- eolas maith a chur ar phaidreacha (foirmeálta agus neamhfhoirmeálta), deasghnátha, amhráin agus comharthaí den spioradáltacht Chríostaí (Ais 22).

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na bpáistí:

**Tuiscint**

- Siombail, mothúcháin, focail, gothaí agus gníomhaíochtaí san urnaí, sa liotúirge agus sa sacraimint a fhiosrú
- Siombail agus spiorad shéasúir agus féilte na hEaglaise a fhiosrú
- Na paidreacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a mbaintear úsáid astu i ndeasghnátha a chur de ghlan mheabhair.

**Cumarsáid agus Rannpháirtíocht**

- Paidreacha simplí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a aithris
- Paidreacha foirmeálta a chur de ghlan mheabhair
- Éisteacht le ceol agus amhráin mar chuid den urnaí
- Na gothaí a mbaintear úsáid astu mar chuid den urnaí a dhéanamh
- Páirt a ghlacadh in urnaí mhachnamhach.

# Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Urnaí**

- Nuair a bhíonn daoine ag guí bíonn siad ag caint agus ag éisteacht le Dia, cuireann siad aithne níos fearr ar Dhia agus tugann siad grá dó. (GDC 139, ChEC 2653).
- Tugann Dia cuireadh chun urnaí dúinn agus tugaimid freagra air (GS 18, ChEC 2567).
- Cloiseann Dia ár n-urnaí i gcónaí.
- Is é an séipéal teach Dé agus is ann a thagann a chlann le chéile (ChEC 1180; LG 6; 1 Tiom 3:15).
- Tagann clann Dé le chéile i séipéal an pharóiste chun ceiliúradh agus guí le chéile (ChEC 1069-71, 2179).
- Is áit naofa í an séipéal ag a dtéann daoine chun guí agus chun labhairt le Dia (ChEC 1181).
- Nithe sa séipéal: An altóir, an taibearnacal, an chrois chéasta, uisce coisricthe, umar an uisce coisricthe, coinneal na Cásca, umar an bhaiste, pictiúir agus deilbh, suíocháin, clocha glúine.
- Paidreacha molta, beannachta, achainní, idirghabhála, agus buíochais (ChEC 2626, 2629, 2637, 2639).
- Beannachtaí (Beannachtaí Ceilteacha san áireamh) (ChEC 1671).

*Gothaí Urnaí*

Comhartha na Croise, feacadh glúine, suí, suíomh glúine, seasamh, urnaí le gluaiseacht.

*Urnaí Fhoirmeálta*

- Comhartha na Croise
- Urnaí chun Dé mar Athair, Mac agus Spiorad Naomh
- Glóir don Athair
- ’S é do bheatha, a Mhuire (ChEC 2676)
- An Phaidir (ChEC 2759)
- Paidir na Maidine
- Paidir na hOíche
- Altú roimh agus tar éis bia
- Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta
- Freagraí an Aifrinn: m.sh. Áiméan. Síocháin leat. Buíochas le Dia. Fáiltiú roimh an Soiscéal. Alleluia.

*Paidreacha Breise*

- Salm 8:1, 3, 7-9. Salm molta.
- Salm 23:1. Is é an Tiarna m’Aoire.
- Salm 66:5. Tá cruthú an domhain iontach.
- Salm 104. Moladh le Dia an cruthaitheoir.
- Salm 139:7-14. Moladh agus buíochas.
- Guí ar son na marbh/ar a son siúd atá tinn nó i mbaol báis.
- Guí ar son tuismitheoirí agus teaghlaigh.
- Guí chun Íosa.
- Guí chun an Teaghlach Naofa.
- Guí do Mhuire.

*Urnaí ar ala na huaire*

- M.sh Guí chun Dé a thugann grá agus aire dúinn, paidreacha ar son tuismitheoirí agus teaghlaigh, paidir chun machnamh a dhéanamh ar imeachtaí an lae.

**An Bhliain Liotúirgeach (ChEC 1168-1173, 1194-1195)**

- Tráth den bhliain atá san Aidbhint chun ullmhú do bhreithlá Íosa um Nollaig. Fleasc na hAidbhinte.
- Tráth den bhliain atá san Nollaig chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhreith Íosa.
- Tráth den bhliain atá san Nollaig chun buíochas a ghlacadh le Dia as ucht Íosa a chur chugainn.
- Tráth den bhliain atá san Nollaig nuair a dhéanann Críostaithe ceiliúradh ar bhreith Íosa Críost, solas an tsaoil.
- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun ár naghaidh a thabhairt ar Dhia agus a bheith ag súil leis an gCáisc.
- Ar Chéadaoin an Luaithrigh cuirtear luaithreach i bhfoirm croise ar an gclár éadain.
- Fuair Íosa bás ar ár son ar Aoine an Chéasta (ChEC 624).
- Tráth den bhliain atá sa Cháisc nuair a smaoinimid gur aiséirigh Íosa ó mhairbh.
- Cuireann coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn go bhfuil Íosa beo.
- Is é an Domhnach an lá a dtógann teaghlach na hEaglaise scíth (ChEC 2184-87).
- I rith Mí na Bealtaine cuimhnímid ar Mhuire. Altóir Mhuire.
- Cé go dtugaimid adhradh, do Dhia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh, amháin, guímid freisin chuig Muire, Máthair Íosa agus ár Máthair agus na Naoimh eile agus iarraimid orthu guí ar ár son (LG 53, ChEC 2679).

**Na Sacraimintí**

- An Baisteadh: Déantar ball de chlann na hEaglaise de dhuine nuair a bhaistear é/í. (ChEC 1213, 1226, 1239-41, 1243, 1257, 1267, 1272, 1278-80, 1282).
- Doirtear uisce ar cheann an duine agus deir an sagart A (Ainm)…Baistim tú in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh (ChEC 1278).
- Dúirt Íosa linn an comhartha seo a úsáid (Mth 28:19; ChEC 1131).
- Cuireann umar an bhaiste agus coinneal na Cásca an Baisteadh i gcuimhne dúinn.
- Nuair a bheannaímid sinn féin leis an uisce coisricthe cuireann sé an Baisteadh i gcuimhne dúinn.
- Siombail an Bhaiste: Ungadh le hOla Chriosma, uisce, solas, éadach bán (ChEC 1238, 1241, 1243).

**An tAifreann**

- Tagann pobal an pharóiste le chéile ag an Aifreann chun ceiliúradh in éineacht le hÍosa agus lena chéile.
- Tagaimid le chéile le héisteacht le scéalta faoi Íosa.
- Tráthanna agus áiteanna speisialta a dtagann clann na hEaglaise le chéile chun urnaí a dhéanamh agus chun Aifreann a cheiliúradh (m.sh. Lá Nollag).
- Ar an Domhnach tagann Caitlicigh le chéile chun an tAifreann a cheiliúradh (ChEC 1167, 1343).
- An Eocairist: Deir an sagart focail Íosa ag an Aifreann. Déantar Corp agus Fuil Chríost den arán agus den fhíon. Feicimid daoine ag dul chun an Chomaoineach a ghlacadh agus faigheann siad Íosa Críost. Beimid ag fáil Íosa Críost nuair a dhéanfaimid ár gCéad Chomaoineach.

# Snáithe: Moráltacht Chríostaí

## Aidhmeanna

Beidh ar chumas na bpáistí:

- tuiscint a bheith acu ar a ndínit agus a bhféinluach féin de bhrí go bhfuil siad cruthaithe i gcosúlacht agus in íomhá Dé
- fiosrú a dhéanamh ar ghrá Dé ina saol féin, ina gcaidrimh le daoine eile agus i gcruthú an domhain
- a gcoinsias a fhorbairt i bhfianaise a bhfuil ar eolas acu faoi Bhriathar Dé, teagasc na hEaglaise agus inspioráid an Spioraid Naoimh (ChEC 1783-1789)
- dearcadh dearfach ina leith féin, a n-inscne féin, a gcuid coirp agus an tábhacht a bhaineann lena n-aireachas féin (GS 1; ChEC 1004; Ais 16 ar lean, 26)
- tuiscint a bheith acu ar éagsúlacht agus ar ilchineálacht agus meas a bheith acu ar riachtanais agus ar chumais faoi leith dhaoine eile
- comhbhá i leith daoine eile, ainmhithe agus don timpeallacht nádúrtha a fhorbairt (feasacht morálta, feasacht éiceolaíochta; misean agus a gclaonadh i dtreo ceartas sóisialta)
- comhbhá, feasacht ceartais, cothroime, cairdeas a fhorbairt maraon le dearcadh dearfach i leith ilchineálacht agus scileanna síochánaíochta (GS 82; Ais 8, 23)
- machnamh a dhéanamh ar a gcuid mothúcháin, a gcinntí, agus a ngníomhartha féin agus tréithe na gcarachtar i scéalta (áisíneacht morálta, claonadh criticiúil morálta, forbairt mothúchánach; comhbhá a fhorbairt: comhbhá, íogaireacht morálta)
- tuiscint ar rialacha a fhorbairt agus ar an difríocht idir an rud ceart agus an rud mícheart a aithint
- rialacha a leanúint agus meas a bheith acu ar na húdaráis dlisteanacha, roghanna a dhéanamh agus neamhspleáchas a fhorbairt.

## Scileanna

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

**Tuiscint**

- Aird a dhíriú ar an Scrioptúr Naofa agus ar Theagaisc na nEaglaise agus luachanna mórálacha agus teagaisc Críostaí a aithint
- Meas a léiriú orthu féin agus ar dhaoine eile
- Meas agus tuiscint a bheith acu ar éagsúlacht agus ar ilchineálacht i measc a gcuid comhpháirtithe
- Aincheisteanna mhórálta sa saol, i scéalta agus i dtéacsanna eile a aithint, a phlé, a réiteach agus a mheas (íogaireacht mhorálta, reasúnaíocht mhorálta)
- Éifeacht fhocail agus gníomhartha a scrúdú agus na himpleachtaí a bhíonn acu
- A bheith rannpháirteach i gcumadh rialacha agus i gcinnteoireacht
- Luachanna agus teagasc na moráltachta Críostaí a chur i bhfeidhm ina saol féin (breithiúnas morálta agus samhlaíocht)
- An timpeallacht a fhiosrú agus meas a bheith acu uirthi.

**Cumarsáid**

- Páirt a ghlacadh i bplé agus i ndíospóireachtaí morálta agus a bheith in ann a gcuid argóntí féin a chur chun cinn (buanna an chomhrá).

## Snáithaonaid

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**Dínit an Duine**

- Tá grá ag Dia dúinn ar fad (Ir 31:3; 1 Eoin 4:10-11; CSRE 3a).
- Is duine speisialta/faoi leith mé de bhrí gur chruthaigh Dia mé (ChEC 1004; Gein 1:26-27; Salm 137:14).
- Glaodh orm chun grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile (Mth 22:36-40).
- I súile Dé is duine speisialta gach duine (ChEC225, 356-361, 369, 1604, 1700-01, 1944-46, 2319, 2334; CSRE 3a).
- Tá m'ainm ar eolas ag Dia (Ís 43:1-4; Ís 49:15).
- Thug Dia daoine dom (m.sh. clann) chun aire a thabhairt dom agus chun a thaispeáint dom conas grá a léiriú.
- Taispeánann Íosa dom conas grá a léiriú agus conas aire a thabhairt do dhaoine eile (ChEC 478, 544, 2443-46).
- Tugann Íosa cúnamh dom an rud ceart a dhéanamh.
- Táim in ann grá a léiriú, roinnt le daoine eile, buíochas a ghlacadh, agus aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile (ChEC 224).
- Gráigh an Tiarna do Dhia, amháin, le do chroí go hiomlán (An Chéad Aithne).
- Meas a bheith acu ar ainm an Tiarna (an Dara hAithne).

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Táim in ann mo chuid buanna a úsáid ar mhaithe le daoine eile.
- Táim in ann a bheith ceart agus cóir (ChEC 1944-45, 2255, 2319).
- Táim in ann a bheith cneasta, ionraic agus cineálta (CSRE 3b).
- Táim in ann meas a bheith agam ar rudaí dhaoine eile.
- Táim in ann glacadh le daoine eile agus iad a chuimsiú.
- Táim in ann meas a bheith agam ar an gcruthú ar fad agus aire a thabhairt dó (RH 15; ChEC 373).
- Táim in ann 'tá brón orm a rá' nuair a ghortaím daoine eile.
- Táim in ann cabhrú le daoine atá bocht agus ocrach.

**OCG i gcomhthéacs Críostaí**

- Is bronntanas ó Dhia í an bheatha (ChEC 2260).
- Thug Dia mothúcháin dom.
- Chruthaigh Dia mar bhuachaill/cailín mé.
- Is bronntanas ó Dhia é mo chorp (Salm 137:14).
- An tábhacht a bhaineann le haire a thabhairt do mo chorp, a chruthaigh Dia (ChEC 1004; CSRE 3a).
- D'fhás Íosa i mbroinn a mháthar. D'fhás mise i mbroinn mo mháthar.
- Bhí Íosa ina bhall de theaghlach: Is ball de theaghlach mise.
- Tabhair onóir dod thuismitheoirí/dod thuismitheoirí baistí/dod chaomhnóirí (an ceathrú aithne).
- Cuir san áireamh: Scéalta a thacaíonn le feasacht ar dhaoine eile agus a léiríonn meas ar éagsúlacht agus ar ilchineálacht.
- Scéalta a chabhraíonn le páistí idirdhealú a dhéanamh idir an rud atá ceart agus an rud atá mícheart agus a thugann breithiúnas morálta ar chásanna faoi leith.
- Scéalta faoi na naoimh, an mhaith in aghaidh an oilc, an difríocht idir ghníomhartha bídis ceart nó mícheart, scéalta a léiríonn luachanna na moráltachta Chríostaí ar nós comhroinnt, aire, grá, maithiúnas, cairdeas, tábhacht an teaghlaigh, aire don domhan.


cúinne